# Treoir do Thuismitheoirí maidir le Cláir Náisiúnta Mhaoinithe um Chúram Leanaí 2017/2018



**Cad is féidir le do Choiste Cúram Leanaí Cathrach/Contae áitiúil a dhéanamh DUIT?**

Dublin City
Childcare Committee Company Limited by Guarantee
Coiste Cúraim Leanaí Chathair Bhaile Átha Cliath Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta

# Clár an Ábhair

**Oideachas agus Cúram Luathbhlianta á Roghnú**

- Réamhrá agus na Cineálacha Cúram Leanaí 3
- Tús á chur le do Chuardach 4
- Ag dul i dteagmháil le Seirbhís Luathbhlianta 5
- Seirbhís Luathbhlianta á Roghnú - Ceisteanna le cur agus cad ba chóir a chuardach 6
- Cad é an chéad rud eile nuair atá Seirbhís Luathbhlianta roghnaithe agat 8

**Cláir Náisiúnta Mhaoinithe Cúram Leanaí**

- An Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) 10
- An Fóirdheontas Uilíoch Cúraim Leanaí sa Phobal (CCSU) 13
- An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal CCS/CCSP 14
- Tábla 1 Cáilitheacht CCS/CCSP 15
- An Athshocraíocht Fóirdheontais Chúraim Leanaí sa Phobal (CCSR) 16
- An Athshocraíocht Fóirdheontais Chúraim Leanaí sa Phobal (Idirthréimhseach) (CCSR(T)) 16
- Traenáil agus Fostaíocht i gCúram Leanaí 17
    - An Clár Tacaíochtaí Traenála agus Fostaíochta i gCúram Leanaí (CETS) 17
    - An Clár Fostaíochta Pobail i gCúram Leanaí (CEC) 18
    - An Clár Cúram Iarscoile Leanaí (ASCC) 18
- Ceisteanna Coitianta do Thuismitheoirí 20
- Sonraí Teagmhála Úsáideacha 22
- Sonraí Teagmhála Coiste Cúram Leanaí Cathrach/Contae 24

# Réamhrá

## Cad is féidir le do Choiste Cúram Leanaí Cathrach / Contae (CCC) áitiúil a dhéanamh DUIT?

Bunaíodh Coistí Cúram Leanaí Cathrach/Contae (CCCanna) go náisiúnta in 2001 chun spreagadh a thabhairt d'fhorbairt cúram leanaí go háitiúil. Cuireann CCCanna réimse leathan de sheirbhísí ar fáil go háitiúil; cuirimid eolas agus treoir ar fáil do sholáthraithe luathbhlianta, feighlithe leanaí, tuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne maidir le saincheisteanna éagsúla a bhaineann le cúram leanaí.

Déanann na CCCanna na cláir Náisiúnta Mhaoinithe um Chúram Leanaí a riar thar ceann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA).

Is é aidhm na treorach seo eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí maidir leis na cláir náisiúnta mhaoinithe um chúram leanaí.

## Na Cineálacha Soláthraithe Cúram Leanaí Éagsúla

Féadfaidh seirbhísí cúram leanaí seirbhísí lánaimseartha, páirtaimseartha, séasúracha agus aois scoile a chur ar fáil. Is é an tseirbhís cúram leanaí a roghnaíonn na táillí a ghearrtar de ghnáth.

### Soláthraithe Cúram Leanaí Príobháideacha

Cuireann Soláthraithe Príobháideacha seirbhísí cúram leanaí ardchaighdeáin ar fáil a reáchtáiltear mar ghnó príobháideach. Is é atá i gceist leis na seirbhísí cúram leanaí seo ná idir ghnólachtaí beaga a fheidhmíonn trádálaithe aonair agus áiseanna móra cúram leanaí in áiteanna éagsúla. Is féidir le seirbhísí Cúram Leanaí Príobháideacha na cláir mhaoinithe um chúram leanaí seo a leanas a chur ar fáil: an clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE), An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal (CCS), An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal Plus (CCSP), An Fóirdheontas Uilíoch Cúraim Leanaí sa Phobal (CCSU), An Athshocraíocht Fóirdheontais Chúraim Leanaí sa Phobal (CCSR), An Athshocraíocht Fóirdheontais Chúraim Leanaí sa Phobal (Idirthréimhseach) (CCSR(T)) agus an Clár Traenála agus Fostaíochta i gCúram Leanaí (TEC).

### Soláthraithe Cúram Leanaí Pobail

Cuireann Soláthraithe Cúram Leanaí Pobail seirbhísí cúram leanaí ardchaighdeáin ar fáil ar seirbhísí cúram leanaí pobalbhunaithe neamhbhrabúis iad. Is é Bord Bainistíochta deonach a ritheann Seirbhís Cúram Leanaí Phobail. Féadfaidh seirbhísí cúram leanaí pobalbhunaithe na cláir mhaoinithe um chúram leanaí seo a leanas a chur ar fáil: ECCE, CCS, CCSP, CCSR, CCSR(T) agus TEC.

### Feighlithe Leanaí

Is duine féinfhostaithe é feighlí leanaí a chuireann cúram do leanaí daoine eile ar fáil ina t(h)each féin. Is féidir le feighlithe leanaí an clár ECCE agus CCSU a chur ar fáil, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar critéir áirithe.

## Cineálacha Cúram Leanaí:

**Séasúrach:**
Is é atá i gceist le seirbhís shéasúrach clár do leanaí suas go dtí 3.5 uair an chloig in aghaidh an tseisiúin. Is féidir leis na seirbhísí seisiún ar maidin agus/nó seisiún um thráthnóna a chur ar fáil.

**Cúram Lae Páirtaimseartha:**
Is é atá i gceist le seirbhís cúraim pháirtaimseartha clár gníomhaíochtaí do leanaí ar feadh níos mó ná 3.5 uair an chloig agus níos lú ná 5 uair an chloig in aghaidh an lae.

**Cúram Lae Iomláin:**
Is é atá i gceist le seirbhís cúram lae iomláin clár gníomhaíochtaí do leanaí ar feadh níos mó ná 5 uair an chloig in aghaidh an lae. D'fhéadfadh seirbhísí séasúracha agus páirtaimseartha agus Seirbhísí Cúram Leanaí Aois Scoile do leanaí atá ag freastal ar an mbunscoil a bheith i gceist le seirbhís cúram lae iomláin.

**Cúram Leanaí Aois Scoile:**
Is é atá i gceist le Cúram Leanaí Aois Scoile seirbhísí lonnaithe in ionad do leanaí atá ar aois scoile ó 4 bliana go 12 bhliain d'aois a fheidhmíonn le linn ceann amháin nó níos mó de na tréimhsí seo a leanas: roimh scoil – tar éis scoile – i rith laethanta saoire an tsamhraidh.

**Feighlithe Leanaí:**
Is é atá i gceist le seirbhísí feighlíochta cúram a thabhairt do leanaí laistigh de theach feighlí leanaí. D'fhéadfadh seirbhísí séasúracha agus páirtaimseartha agus Seirbhísí Cúram Leanaí Aois Scoile do leanaí atá ag freastal ar an mbunscoil a bheith i gceist le seirbhís feighlíochta.

# Tús á chur le do Chuardach le haghaidh Cúraim agus Oideachais Luathbhlianta



**Céim 1:** Cuir do riachtanais seirbhíse luathbhlianta san áireamh. Beidh an cineál seirbhíse a roghnaíonn tú ag brath ar na nithe seo a leanas:

- riachtanais do linbh agus riachtanais do chlainne
- an cineál seirbhíse is fearr leat
- na roghanna atá ar fáil i do phobal

**Céim 2:** Déan cinneadh ar an gcineál seirbhíse luathbhlianta atá ag teastáil uait.

B'fhéidir go roghnóidh tú seirbhís luathbhlianta lánaimseartha (5 uair an chloig nó níos mó in aghaidh an lae) nó cúram páirtaimseartha (3.5 uair an chloig suas go dtí 5 uair an chloig), cúram séasúrach (suas go dtí 3.5 uair an chloig) nó seirbhís feighlíochta lonnaithe sa teach b'fhéidir.

**Céim 3:** Téigh i dteagmháil le do Choiste Cúram Leanaí áitiúil a chuirfidh liosta seirbhísí ar fáil duit i do cheantar áitiúil.

**Céim 4:** Nuair a fhaigheann tú liosta seirbhísí luathbhlianta i do cheantar a chuireann an rogha cúram ar fáil atá ag teastáil uait, is féidir leat gearrliosta a dhéanamh ansin de na seirbhísí is fearr leat agus teagmháil dhíreach a dhéanamh leo. Tá mioneolas faoin treoir maidir le teagmháil a dhéanamh le seirbhís agus cuairt a eagrú ar leathanach 5.

**Céim 5**: Faigh amach an bhfuil tú i dteideal tacaíochta airgeadais trí na Cláir Náisiúnta Mhaoinithe um Chúram Leanaí atá ar fáil. Tá tacaíochtaí airgeadais éagsúla ar fáil do thuismitheoirí agus teaghlaigh trí na Cláir Náisiúnta Mhaoinithe um Chúram Leanaí agus chomh maith leis sin trí Fhóirdheontas Uilíoch do leanaí idir 6 mhí agus 36 mí mar atá sonraithe sa Treoir seo do Thuismitheoirí. Má bhíonn aon cheisteanna agat faoi na Cláir Mhaoinithe téigh i dteagmháil le do Choiste Cúram Leanaí áitiúil le haghaidh eolais.



# Ag dul i dteagmháil le Seirbhís Luathbhlianta

## Cinneadh feasach á dhéanamh:

Má dhéanann tú taighde cúlra ar sheirbhísí luathbhlianta, tugann sé tacaíocht duit cinntí feasacha a dhéanamh maidir le cúram agus oideachas luathbhlianta a roghnú. Déantar earnáil Chúram agus Oideachas na Luathbhlianta a rialáil faoi Rialacháin 2016 de chuid an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta). Tá Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, freagrach go reachtúil as tacú leis an gcomhlíonadh agus na caighdeáin cháilíochta trí chigireacht a dhéanamh go rialta.

### Cigireachtaí Luathbhlianta:

Déantar an Chigireacht a dhearadh le sláinte, sábháilteacht agus leas na leanaí a chinntiú agus an fhorbairt a dhéantar orthu a chur chun cinn. Tá sé ann freisin lena chinntiú go gcomhlíonann na seirbhísí réamhscoile leis na riachtanais reachtúla chuí lena n-áirítear Rialacháin 2016 de chuid an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta). Tá Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach freagrach as cigireacht a dhéanamh ar réamhscoileanna, naíolanna, cúram lae agus seirbhísí cláraithe den chineál céanna de chuid Tusla a fhreastalaíonn ar leanaí atá idir 0-6 bliana d'aois. Tá freagracht reachtúil ar an ngníomhaireacht seo measúnú a dhéanamh ar na leibhéil ina ndéantar na Rialacháin a chomhlíonadh agus oibríonn sí i gcomhpháirtíocht le soláthraithe chun an cultúr den chomhlíonadh a chur chun cinn.

Is acmhainní foilsithe luachmhara iad tuarascálacha cigireachta. Is féidir breathnú ar liosta de thuarascálacha cigireachta de chuid sheirbhísí cláraithe Tusla ar shuíomh gréasáin Tusla [www.tusla.ie](http://www.tusla.ie) sa chuid faoi Chigireacht Luathbhlianta de chuid Tacaíochta don Teaghlach.

### Rialacháin 2016 de chuid an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta):

Tá an dualgas ar gach duine a chuireann cúram agus oideachas luathbhlianta ar fáil gach beart a ghlacadh le cosaint a thabhairt do shláinte, sábháilteacht agus leas na leanaí atá ag freastal ar an seirbhís agus le Rialacháin 2016 de chuid an Achta um Chúram Leanaí (Seirbhísí Luathbhlianta) a chomhlíonadh. Tá doiciméad na Rialachán agus an doiciméad maidir leis na Leasuithe ar na Rialacháin ar fáil trí shuíomh gréasáin Tusla [www.tusla.ie](http://www.tusla.ie) .

### An chéad agallamh teagmhála/fóin:

Nuair atá taighde déanta agat maidir le seirbhísí, is é an chéad tasc eile ná gearrliosta a dhéanamh de na seirbhísí luathbhlianta a d'fhéadfadh a bheith ann. Má chuireann tú ríomhphost gairid nó má dhéanann tú agallamh ar an bhfón agus do phríomhcheisteanna a chur tabharfaidh sé sin treoir duit chuig an gcéad chéim eile maidir le seirbhís oiriúnach a roghnú.

Nuair a dhéanann tú teagmháil le seirbhís luathbhlianta, is féidir leat ceisteanna éagsúla a chur ar dtús. Is féidir leis na ceisteanna seo cuidiú leat agus gearrliosta á dhéanamh agat de na soláthraithe agus cinntí feasacha a dhéanamh maidir leis an gcúram cuí á roghnú agat le haghaidh do linbh.

D'fhéadfadh ceisteanna mar seo a leanas a bheith san áireamh:

- An bhfuil an tseirbhís cláraithe le Tusla?
- Cad iad uaireanta oscailte na seirbhíse?
- Cad é an raon aoise a bhfreastalaíonn an tseirbhís air?
- An bhfuil spásanna ar fáil faoi láthair nó an bhfuil liosta feithimh i bhfeidhm?
- Cad iad na cineálacha cúraim a chuirtear ar fáil, e.g. cúram lae iomláin, páirtaimseartha, séasúrach, etc.?
- Má bhíonn riachtanais ar leith ag do leanbh, an bhfuil na hacmhainní ag an seirbhís le freastal ar na riachtanais sin?
- Cén Clár Náisiúnta Maoinithe um Chúram Leanaí a mbíonn an tseirbhís rannpháirteach ann, má tá sí rannpháirteach i gceann ar bith?
- Cén t-eolas atá ar fáil duit cheana féin - Suíomh Gréasáin, leathanach Facebook etc.?

### Cuairt á heagrú ar Sheirbhís Luathbhlianta:

Tar éis an chéad agallaimh ar an bhfón, tá tú réidh le cuairt a thabhairt ar roinnt seirbhísí. Eagraigh líon cuairteanna ar sheirbhísí atá ar an ngearrliosta agat le linn na n-uaireanta ina mbíonn siad ag obair. Más féidir leat, tabhair ball eile den teaghlach agus do leanbh in éineacht leat.

Tá sé riachtanach go mbuaileann tú leis an mbainisteoir agus le baill foirne, go mbreathnaíonn tú ar thimpeallacht an tsuímh, agus go bpléann tú na polasaithe agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm. Is deis í seo duit ceist a chur faoi chur chuige na seirbhíse i dtreo bainistíochta iompair, na nósanna imeachta atá i bhfeidhm d'éigeandálaí, an bhfuil polasaí bia sláintiúil ann agus conas a dhéanfaidh an tseirbhís spéiseanna agus neamhspleáchas do linbh a chothú. Ansin, mar thuismitheoir/caomhnóir, is féidir leat cinneadh a dhéanamh an dtagann an tseirbhís le do chur chuige i dtreo na tuismitheoireachta agus an bhfuil sí oiriúnach duit agus do do chlann.

### Roinnt pointí le cur san áireamh:

- Laghdaigh do roghanna go dtí na seirbhísí áirithe is oiriúnaí do do leanbh agus do do chlann.
- Cuir an chéad tuairim a bhí agat maidir leis an seirbhís san áireamh. An mbeifeá sásta do leanbh a fhágáil sa tseirbhís sin?
- Seiceáil na teistiméireachtaí: Tá tuarascálacha cigireachta luathbhlianta de chuid Tusla ar fáil ar líne; an raibh aon duine in ann seirbhís a mholadh duit?
- Cad a ritheann leat faoin seirbhís?

# Seirbhís Luathbhlianta á Roghnú

## Ceisteanna le cur agus cad ba chóir a chuardach?



## An Timpeallacht Foghlama:

### Cuardaigh le haghaidh na nithe seo a leanas:

- An bhfuil a lán spáis sa timpeallacht, laistigh agus lasmuigh, agus an bhfuil sí geal agus tarraingteach?
- An bhfuil caoi mhaith ar an áitreabh, an bhfuil sé glan, slán agus sábháilte?
- An bhfuil na seomraí leagtha amach go maith le go mbeidh na leanaí in ann gluaiseacht go sábháilte iontu?
- An bhfuil an trealamh agus na bréagáin oiriúnach ó thaobh aoise de, an bhfuil siad sábháilte, an bhfuil caoi mhaith orthu agus an bhfuil réimse leathan díobh ann?
- An féidir leis na leanaí uile teacht ar na bréagáin agus ábhair fhoghlama go héasca?
- An bhfuil fianaise de shaothar na leanaí ar taispeáint ar fud na seirbhíse?
- An bhfuil cead ag na leanaí gníomhaíochtaí a roghnú?
- Cad iad na deiseanna foghlama atá ar fáil tríd an gcuraclam, e.g. súgradh fisiciúil, súgradh lasmuigh, gníomhaíocht aonair, gníomhaíocht i ngrúpa, gníomhaíochtaí cruthaitheacha, deiseanna tógála?
- An bhfuil na leanaí sásta, compordach agus sona ina dtimpeallacht?
- An bhfuil na leanaí rannpháirteach i ngníomhaíocht/ súgradh fiúntach?
- An féidir leat caidreamh báúil agus measúil a fheiceáil idir an duine fásta agus an leanbh?
- Conas a chuirtear eolas laethúil faoi na leanaí in iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí, i.e. dialanna, leabhair ghearrthóg, etc.

### Cuir na ceisteanna seo a leanas:

- Cén chuma a bheidh ar ghnáthlá do mo leanbh? An gcuirtear an neamhspleáchas chun cinn agus an spreagtar é?
- Conas a oibreoidh na baill foirne leis an leanbh chun cuidiú leis, leis an bpróiseas socrú isteach?
- An mbíonn an deis ag na leanaí meascadh leo siúd lasmuigh dá seomra, i.e. deartháireacha nó deirfiúracha?
- Cé chomh minic agus a théann na leanaí lasmuigh?
- Cén cur chuige curaclaim a úsáidtear?
- Cé mhéad leanbh atá san aoisghrúpa a bhfuil spéis agat ann?
- Conas a dhéanann na baill foirne iompar deacair nó dúshlánacha a bhainistiú?
- An bhfuil polasaí go bhfuil fáilte roimh chách? An féidir leat cuairt a thabhairt am ar bith?

## Sláinte agus Sábháilteacht

### Cuardaigh na nithe seo a leanas:

- Pointí glana le dul isteach san fhoirgneamh agus amach uaidh agus iad slachtmhar.
- An bhfuil painéil amhairc ag doirse an tseomra ranga?
- Ar chlár Fógraí na dTuismitheoirí an bhfuil sonraí faoi Theastais Gharchabhrach, sonraí teagmhála den Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta, Teagmhálaí Ainmnithe d'ábhair imní um Chosaint Leanaí?
- Comhartha den phointe tionóil um Aslonnú ó Dhóiteán, múchtóirí dóiteáin, aláraim deataigh, bealaí éalaithe ó dhóiteán atá marcáilte go soiléir, etc.
- Limistéar súgartha lasmuigh atá sábháilte agus oiriúnach, áiseanna le clúidíní a athrú, áiseanna codlata agus le scíth a ligean.
- An bhfuil limistéar oiriúnach ann le bia a ullmhú? An bhfuil sé sábháilte, sláinteach agus nach féidir le leanaí fáil air?

### Cuir na ceisteanna:

- Cé atá in ann teacht isteach chuig an bhfoirgneamh?
- An bhfuil ráiteas sábháilteachta ann agus an féidir leat breathnú air?
- **Iompar:** An bhfuil seirbhís le leanaí a fhágáil ar scoil/ a bhailiú ón scoil i bhfeidhm? An bhfuil criosanna sábhála agus/ nó suíocháin ardaithe de réir mar is cuí ag an bhfeithicil? An bhfuil an t-árachas cuí ag an bhfeithicil ar a bhfuil tiománaí cáilithe agus ball foirne?

- **Cosaint Leanaí:** An bhfuil polasaí um chosaint leanaí i bhfeidhm? Ar fhreastail na baill foirne ar thraenáil um chosaint leanaí agus an bhfuil teastas suas chun dáta acu? An bhfuil Teagmhálaí Ainmnithe agus Teagmhálaí Cúnta Ainmnithe? An ndearnadh Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar na baill foirne uile?
- **Polasaí Bailiúcháin:** Cé atá in ann an leanbh a bhailiú? Cad iad na bearta atá i bhfeidhm lena chinntiú nach bhfuil ach amháin iad siúd atá údaraithe an leanbh a bhailiú fáil ar do leanbh? An bhfuil pasfhocail nó Cárta Aitheantais ag teastáil?
- **Polasaí Breoiteachta:** Cad é polasaí breoiteachta an tsuímh agus an polasaí atá ann maidir le leigheas a thabhairt?
- **Cúram um thimpiste/theagmhas/éigeandáil:** Cad iad na nósanna imeachta atá i bhfeidhm i gcás éigeandála leighis, fáil ar dhochtúir, altraí etc.? Cén chéim den éigeandáil ag an ndéanfar teagmháil leat? Conas a chuirtear in iúl duit maidir le haon teagmhais/timpistí a bhaineann le do leanbh?
- **Turais:** An dtugtar na leanaí ar thurais? Má thugtar, cad iad na cineálacha turas atá i gceist, cé chomh minic agus cad iad na cóimheasa idir duine fásta agus leanbh? An bhfuil na turais seo clúdaithe le hárachas? Iarr ar an bPolasaí um Thurais a fheiceáil
- **Polasaí Bia Sláintiúil:** An gcaithfidh tú lónta a chur ar fáil nó an gcuireann an tseirbhís an bia ar fáil? An bhfuil samplaí de bhiachláir ar fáil? An féidir leis an seirbhís freastal ar riachtanais bhia ar leith a d'fhéadfadh a bheith ag do leanbh? Cad iad na hamanna béile? Cad a tharlaíonn mura n-itheann do leanbh a d(h)innéar? Cad iad na deochanna atá ceadaithe sa tseirbhís? An bhfuil uisce ar fáil i rith an lae?
- **An bhfuil an tseirbhís cláraithe le Tusla?** Tá liosta de sheirbhísí cláraithe ar fáil ar shuíomh gréasáin Tusla www.tusla.ie

# Bainistíocht & Baill Foirne:

## Cuardaigh le haghaidh na nithe seo a leanas:

- Cóipeanna de cháilíochtaí agus teastais na mball foirne maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ar taispeáint. Ní mór Mórdhámhachtain QQI ag Leibhéal 5 ar a laghad i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige a bheith ag na baill foirne uile atá ag obair le leanaí
- An bhfuil dóthain ball foirne sna seomraí leis na riachtanais cóimheasa duine fásta:leanbh a bhaint amach mar atá leagtha amach sna Rialacháin Luathbhlianta 2016.
- An bhfuil caidreamh dearfach á dhéanamh ag na baill foirne leis na leanaí agus lena gcomhghleacaithe, e.g. ag leibhéal an linbh, teanga ó bhéal agus comharthaíocht choirp, an bhfuil an chumarsáid measúil agus spreagúil?
- An bhfuil na baill foirne gairmiúil agus báúil ina gcur chuige i dtreo na leanaí, comhghleacaithe agus leatsa mar thuismitheoir linbh a d'fhéadfadh a bheith faoina gcúram?
- An bhfuil tú compordach agus ar do shuaimhneas leis an mbainisteoir agus le haon bhall foirne a mbuaileann tú leis/léi le linn na cuairte?

## Cuir na Ceisteanna:

- Cé a bheidh ag tabhairt aire do do leanbh?
- An bhfuil córas oibrithe bunriachtanacha ann (príomhbhall foirne ceaptha le haghaidh do linbh lena chinntiú go mbíonn leanúnachas i gceist leis an lá a bhíonn ag do leanbh)? Cé chomh minic agus a bheidh tú in ann cumarsáid a dhéanamh leis an duine seo?
- An mbíonn an fhoireann ag síorathrú? Má bhíonn, an bhfuil cúiseanna nó míniú leis seo?
- An ndéantar Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar na baill foirne agus an ndéantar na teistiméireachtaí a sheiceáil mar a éilítear sna Rialacháin Luathbhlianta 2016? An gcuireann baill foirne nua ionduchtúchán i gcrích agus maoirseacht leordhóthanach ina dhiaidh sin?
- An mbíonn ball foirne sinsearach san áitreabh an t-am ar fad le linn uaireanta feidhme na seirbhíse?
- Cad iad na deiseanna atá ann do thuismitheoirí/ caomhnóirí le bheith bainteach leis an seirbhís (e.g. turais, drámaí, imeachtaí teaghlaigh, etc.)?
- Conas a dhéileáiltear le hábhair imní faoi na leanaí, baill foirne nó faoin seirbhís? An bhfuil polasaí/nós imeachta gearán?

# Táillí

- Cad é an táille seachtainiúil/míosúil don chúram leanaí atá ag teastáil uait? Cé chomh minic agus a íoctar na táillí? Cad é an modh íocaíochta is fearr? Cén tréimhse fógra is gá dom a thabhairt nuair nach bhfuil cúram leanaí ag teastáil uaim a thuilleadh?
- An bhfuil éarlais ag teastáil? An bhfuil an éarlais in-aisíoctha? Iarr i gcónaí le haghaidh admhála den éarlais.
- An bhfuil aon táillí breise ann e.g. bailiúchán déanach, uaireanta breise.
- Cad iad na híocaíochtaí atá i gceist maidir le laethanta saoire, e.g. Nollaig agus briseadh lár téarma?
- Má tá iompar curtha ar fáil go dtí an scoil agus ón scoil, an costas breise é sin?
- Cad iad na Cláir Náisiúnta Mhaoinithe ina bhfuil an tseirbhís rannpháirteach agus cén clár a bhfuil tú incháilithe dó?
- Tá mioneolas faoi na Cláir Náisiúnta Cúram Leanaí sa treoir seo.

# Cad é an chéad rud eile nuair atá Seirbhís Luathbhlianta roghnaithe agat



**Nuair atá cuairt tugtha agat ar roinnt seirbhísí luathbhlianta b'fhéidir go mothóidh tú go bhfuil tú i suíomh níos fearr leis an gceann ceart a roghnú le haghaidh do linbh.**

## Nuair a dhéanann tú cinneadh cad é an rogha seirbhíse luathbhlianta is oiriúnaí atá ann le haghaidh do riachtanas, tá roinnt Céimeanna Simplí le glacadh ina dhiaidh sin:

- Téigh i dteagmháil le do sholáthraí agus cláraigh do leanbh leis an seirbhís ag brath ar an seirbhís a bheith ar fáil. Más mian leat cuairt a thabhairt ar an seirbhís arís, déan coinne.
- Nuair a íocann tú éarlais, iarr ar admháil a fháil agus bí soiléir faoi na critéir maidir le héarlaisí in-aisíoctha/ neamh-in-aisíoctha. Tabhair faoi deara nach féidir le héarlaisí do ECCE amháin dul thar caipitíocht 4 seachtaine.
- Má tá ainm do linbh á chur ar liosta feithimh, iarr ar dheimhniú i scríbhinn maidir leis seo agus fiosraigh maidir le nós imeachta na seirbhíse ó thaobh an liosta feithimh a bhainistiú.
- Socraigh dáta tosaigh agus tréimhse le socrú isteach i gcomhréir le nósanna imeachta na seirbhíse.
- Labhair le do leanbh faoin seirbhís, na múinteoirí agus cairde nua.
- Roinn gach mioneolas cuí leis na baill foirne atá ag tabhairt aire do do leanbh ar nós tinnis, imeachtaí suntasacha sa saol, rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leis/léi, patrúin itheacháin agus codlata, etc. Cinntigh go bhfuil go leor ama agat leis seo a dhéanamh. A mhéad eolais a thugann tú maidir le do leanbh, is ea is fearr é do na baill foirne le riachtanais do linbh a chomhlíonadh agus is ea is fearr é don leanbh a bheith ag aistriú ón mbaile go dtí an tseirbhís luathbhlianta.
- Cinntigh go bhfuil gach rud curtha ar fáil don tseirbhís atá ag teastáil uaithi le haire a thabhairt do do leanbh, ar nós clúidíní, bia, buidéil, etc.
- Iarr ar chóip de na polasaithe agus nósanna imeachta.
- Má tá leas á bhaint agat as scéim mhaoinithe, iarr ar shoiléiriú faoin tréimhse fógra (e.g. má roghnaíonn tú bogadh go dtí seirbhís eile, cad é an tréimhse fógra agus an bhfanann an maoiniú leis an leanbh nó leis an seirbhís sna cásanna seo).



# An Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE)

**Is clár uilíoch cúram leanaí é an Bhliain Réamhscoile Saor in Aisce sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) atá deartha chun rochtain a thabhairt do leanaí ar 2 bhliain d'oideachas réamhscoile saor in aisce sula dtosaíonn siad ar an mbunscoil.**

## An bhfuil mo leanbh incháilithe don Chlár ECCE?

Féach ar an bPóstaer Cáilitheachta ECCE ar leathanach 11 den leabhrán seo chun a fháil amach an bhfuil do leanbh incháilithe don Chlár ECCE?

## Cé mhéad a chosnóidh sé?

Má tá do leanbh incháilithe do bhliain réamhscoile saor in aisce ansin tá do leanbh i dteideal seisiún réamhscoile suas go dtí 3 uair an chloig in aghaidh an lae, 5 lá sa tseachtain, ar feadh tréimhse 38 seachtaine, a fháil saor in aisce.

Féadfaidh seirbhísí cúram leanaí níos mó a ghearradh le haghaidh seirbhísí breise a chuireann siad ar fáil, ar nós uaireanta breise agus gníomhaíochtaí roghnacha breise, ar nós turais, dul ag snámh, cóisirí, etc. Faigheann seirbhísí cúram leanaí caipitíocht de €64.50 in aghaidh na seachtaine ar feadh 38 seachtaine, do gach leanbh. Má bhaineann tú leas as uaireanta breise/gníomhaíochtaí roghnacha, feidhmeoidh d'íocaíocht mar laghdú de €64.50 in aghaidh na seachtaine ar feadh 38 seachtaine.

Níl sé éigeantach go gcaithfidh leanaí freastal 5 lá in aghaidh na seachtaine ach, áit nach ndéanann siad é seo, beidh an táille caipitíochta laghdaithe ar bhonn pro-rata.

## Conas atá a fhios agam cad iad na seirbhísí cúram leanaí atá sa chlár ECCE, agus conas a aimsím áit do mo leanbh?

Tá liosta de sheirbhísí ECCE reatha ar fáil ó do Choiste Cúram Leanaí Cathrach/Contae áitiúil. Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le roinnt seirbhísí cúram leanaí áitiúla lena fháil amach an bhfuil áiteanna ECCE ar fáil acu. Míneoidh siad a gcuid táillí duit, in éineacht le haon rud breise a chuireann siad ar fáil. Nuair atá seirbhís cúram leanaí aimsithe agat ar mhaith leat do leanbh freastal uirthi, lorgóidh siad roinnt eolais uait maidir le do leanbh, ar nós uimhir PSP agus dáta breithe do linbh.

## An féidir liom mo leanbh a aistriú ó sheirbhís cúram leanaí amháin go dtí ceann eile?

Is féidir leat rogha a dhéanamh do leanbh a aistriú ó sheirbhís ECCE amháin go dtí ceann eile am ar bith i rith na bliana réamhscoile. Ní mór duit fógra 4 seachtaine a thabhairt don tseirbhís cúram leanaí, agus caithfidh tú foirm aistrithe a chomhlánú, nach mór a bheith sínithe ag an mbunseirbhís agus an tseirbhís nua. Má aistríonn tú do leanbh gan aon tréimhse fógra a thabhairt, íocfar caipitíocht 4 seachtaine leis an mbunseirbhís i dtaca leis an bhfógra agus beidh ort táillí a íoc do na 4 seachtaine ina dhiaidh sin sa tseirbhís nua.

## An féidir liom úsáid a bhaint as Feighlí Leanaí ina áit?

Is féidir. Is féidir le feighlithe leanaí a chomhlíonann riachtanais áirithe iarratas a dhéanamh ar an gclár ECCE a chur ar fáil.

Téigh i dteagmháil le do Choiste Cúram Leanaí Cathrach/Contae áitiúil lena fháil amach an bhfuil aon fheighlithe leanaí i do cheantar atá rannpháirteach sa chlár.

## An bhfuil mo leanbh incháilithe don Chlár ECCE?

Tá leanaí incháilithe don chlár ECCE má bhíonn siad os cionn 3 bliana d'aois roimh cheann amháin de na trí phointe iontrála; Meán Fómhair, Eanáir agus Aibreán agus nach bhfuil siad os cionn 5 bliana agus 6 mhí d'aois faoi dheireadh mhí an Mheithimh de bhliain an chláir. Féach ar an bPóstaer Cáilitheachta ECCE ar leathanach 11 den leabhrán seo le haghaidh tuilleadh eolais ar an incháilitheacht agus na pointí iontrála.

## An bhfuil díolúine i gceist leis an uasteorainn aoise?

Má bhíonn do leanbh os cionn na huasteorann aoise don chlár ECCE bíonn roinnt cúinsí ann inar féidir leis an leanbh leanúint ar aghaidh a bheith rannpháirteach sa chlár ECCE.

I gcúinsí eisceachtúla, d'fhéadfaí díolúine ón uasteorainn aoise a thabhairt áit a bhfuil riachtanais bhreise ag an leanbh a chuirfidh moill air/uirthi dul ar scoil. Ní mór iarratais ar a leithéid díolúine a chur isteach i scríbhinn chuig an RLGÓ agus ní mór litir molta a bheith leis ó speisialtóir ag tabhairt tacaíochta don leanbh le leas a bhaint as bliain bhreise réamhscoile. Ní thabharfar díolúine áit a mbeidh leanbh 6 bliana d'aois le linn na bliana réamhscoile.

## An tSamhail Rochtana agus Cuimsithe (AIM)

Is é atá sa **Mhúnla um Rochtain agus Cuimsitheacht** (AIM) Better Start ná múnla tacaíochtaí atá deartha lena chinntiú go mbeadh leanaí faoi mhíchumas in ann an Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige a rochtain. Tá sé mar aidhm aige a chur ar chumas soláthraithe seirbhíse taithí

chuimsitheach réamhscoile a chur ar fáil, agus a chinntiú go mbeadh gach leanbh cáilithe in ann páirt iomlán a ghlacadh sa chlár ECCE agus leas iomlán a bhaint as oideachais agus cúram luathbhlianta ar ardchaighdeán.

Tá an múnla deartha le go mbeadh sé freagrúil do chuid riachtanas gach linbh aonair i gcomhthéacs an tsuímh réamhscoile. Cuirfidh sé tacaíochtaí saincheaptha, praiticiúla ar fáil bunaithe ar riachtanas agus ní bheidh diagnóis foirmeálta míchumais ag teastáil.

## Cad iad na tacaíochtaí atá curtha ar fáil faoin AIM

Tá 7 leibhéal tacaíochtaí ar fáil tríd an AIM idir na **tacaíochtaí uilíocha** agus na **tacaíochtaí spriocdhírithe.** Is é atá i gceist le **Leibhéil 1-3** den tsamhail ná sraith de thacaíochtaí uilíocha atá deartha chun cultúr uileghabhálach a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dó laistigh de shuíomhanna réamhscoile. Ach, áit a gceapann soláthraí seirbhíse, i gcomhpháirtíocht le tuismitheoir/caomhnóir, go mbeadh gá le tuilleadh tacaíochta breise chun freastal ar riachtanais de leanbh ar leith, is féidir leo iarratas a dhéanamh ar thacaíocht spriocdhírithe amháin nó níos mó faoi **Leibhéil 4-7** den tsamhail.

### Leibhéal 1: Cultúr Uileghabhálach:

Rinneadh Cairt um Chuimsiú nua a fhorbairt don earnáil luathbhlianta. Is é cuspóir na Cairte seo ná tiomantas na hearnála don chuimsiú a thaispeáint. Tugtar cuireadh do sholáthraithe seirbhíse clárú leis an gCairt seo trína bPolasaí um Chuimsiú féin a chur ar fáil agus a fhoilsiú. Chun tacú leis an bpróiseas seo, cuireadh Éagsúlacht suas chun dáta, Treoirlínte um Chomhionannas agus Chuimsiú do Chúram agus Oideachas na Luath-Óige ar fáil agus tá clár náisiúnta oiliúna ar an gCairt um Chuimsiú agus na Treoirlínte á gcur ar fáil ag na Coistí Cúram Leanaí Cathrach agus Contae.

### Leibhéal 2: Eolas do Thuismitheoirí agus Soláthraithe

Ag an leibhéal seo aithnítear riachtanas na dtuismitheoirí agus soláthraithe go mbeidh eolas soiléir, seasmhach agus suas chun dáta ar fáil dóibh maidir le seirbhísí agus tacaíochtaí ECCE agus AIM. Tá mioneolas ar an AIM do sholáthraithe agus tuismitheoirí ar fáil ar an suíomh gréasáin náisiúnta www.aim.gov.ie

### Leibhéal 3: Lucht Saothair Cáilithe agus Muiníneach

Ag an leibhéal seo aithnítear an riachtanas leanúint ar aghaidh agus lucht saothair cáilithe a fhorbairt atá in ann freastal go muiníneach ar riachtanais na leanaí uile ar mhian leo a bheith rannpháirteach sa chlár ECCE. Tá clár ardoideachais nua, **"An Cheannaireacht um Chuimsiú sna Luathbhlianta"** nó LINC, atá maoinithe ag an RLGÓ, ag tosú gach bliain ó 2016. Beidh an ról mar Chomhordaitheoir um Chuimsiú ag na céimithe den chlár laistigh dá suíomh réamhscoile chun tacaíocht agus tuilleadh treorach a thabhairt don chleachtas uileghabhálach

### Leibhéal 4: Seirbhís Sainchomhairle Oideachais

Faoi leibhéal 4, is féidir le soláthraithe seirbhíse rochtain a dhéanamh ar sheirbhís náisiúnta, Better Start, inar féidir le speisialtóirí sa chúram agus oideachas luathbhlianta do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu sainchomhairle, meantóireacht agus tacaíocht a chur ar fáil. Beidh an méid tacaíochta a chuireann Speisialtóirí Luathbhlianta ar fáil ag brath ar riachtanais an linbh agus an tsoláthraí seirbhíse. Déantar iarratas ar thacaíochtaí spriocdhírithe le cead agus trí chomhpháirtíocht na dtuismitheoirí/ caomhnóirí.

### Leibhéal 5: Trealamh, Fearais agus Mionathruithe

Tá scéim náisiúnta ar fáil chun saintrealamh, sainfhearais nó deontais chaipitiúla a chur ar fáil i dtreo mionathruithe i bhfoirgneamh a dhéanamh, áit a mbíonn siad seo riachtanach bunaithe ar mholadh gairmí ainmnithe, chun tacú leis an bhfáil ar rannpháirtíocht linbh a éascú sa réamhscoil. Déanann soláthraí seirbhíse iarratais ar thacaíochtaí Leibhéal 5, i gcomhpháirtíocht le tuismitheoir.

### Leibhéal 6: Idirghabháil theiripeach

Cuirfear seirbhísí teiripe a cheaptar a bheith riachtanach le go mbeidh leanbh rannpháirteach i gclár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige, ar fáil. Tá socruithe i bhfeidhm le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) leis an seirbhís seo a chur ar fáil agus tugadh maoiniú do phoist teiripe bhreise faoin Samhail Rochtana agus Cuimsithe chun tacú le soláthar na seirbhíse seo.

### Leibhéal 7: Cúnamh Breise sa Seomra Réamhscoile

Ag an leibhéal seo aithnítear go mbeidh níos mó tacaíochta ná mar atá ar fáil i Leibhéil 1 – 6, ag teastáil ó líon beag leanaí (tuairim is 1.0% – 1.5% díobh a úsáideann an clár ECCE). Áit nach bhfuil dóthain tacaíochtaí thuas ann chun freastal ar riachtanais an linbh, is féidir leis na soláthraithe seirbhíse, i gcomhpháirtíocht leis na tuismitheoirí, iarratas a dhéanamh ar chaipitíocht bhreise chun tacaíocht bhreise sa seomra ranga a mhaoiniú nó le go mbeidh laghdú sa chóimheas idir an fhoireann agus na leanaí.

Tá tuilleadh mioneolais do thuismitheoirí/caomhnóirí, ceisteanna coitianta maidir leis an Samhail Rochtana agus Cuimsithe (AIM) san áireamh, ar fáil ar líne ar **www.aim.gov.ie**


Le haghaidh tuilleadh eolais ar an gClár ECCE nó AIM téigh i dteagmháil le do Choiste Cúram Leanaí Cathrach/Contae áitiúil nó leis an Seirbhís Luath-Óige ar mhaith leat do leanbh freastal uirthi.

*Réamhscoil Saor in Aisce ó 3 bliana d'aois!**

# CÁILITHEACHT DO LINBH DON CHLÁR ECCE

## Leanaí a Rugadh in 2012

| Breith | ECCE 2015 | Pointe Iontrála | Líon na Seachtainí don bhliain réamhscoile 2015-2016** | ECCE 2016 | Pointe Iontrála | Líon na Seachtainí don bhliain réamhscoile 2016-2017** | Líon iomlán na seachtainí cáilitheachta | Bliain Tosaigh don Scoil | Aois Tosaigh don Scoil |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ean-12 | Tá | M.F. -15 | 38 | Tá | M.F. -16 | 38 | 76 | M.F. -17 | 5.8 |
| Feabh-12 | Tá | M.F. -15 | 38 | Tá | M.F. -16 | 38 | 76 | M.F. -17 | 5.7 |
| Már-12 | Tá | M.F. -15 | 38 | Tá | M.F. -16 | 38 | 76 | M.F. -17 | 5.6 |
| Aib-12 | Tá | M.F. -15 | 38 | Tá | M.F. -16 | 38 | 76 | M.F. -17 | 5.5 |
| Beal-12 | Tá | M.F. -15 | 38 | Tá | M.F. -16 | 38 | 76 | M.F. -17 | 5.4 |
| Meith-12 | Tá | M.F. -15 | 38 | Tá | M.F. -16 | 38 | 76 | M.F. -17 | 5.3 |
| Iúil-12 | Níl | - | 0 | Tá | M.F. -16 | 38 | 38 | M.F. -17 | 5.2 |
| Lún-12 | Níl | - | 0 | Tá | M.F. -16 | 38 | 38 | M.F. -17 | 5.1 |
| M.F. -12 | Níl | - | 0 | Tá | M.F. -16 | 38 | 38 | M.F. -17 | 5 |
| D.F. -12 | Níl | - | 0 | Tá | M.F. -16 | 38 | 38 | M.F. -17 | 4.11 |
| Samh-12 | Níl | - | 0 | Tá | M.F. -16 | 38 | 38 | M.F. -17 | 4.10 |
| Noll-12 | Níl | - | 0 | Tá | M.F. -16 | 38 | 38 | M.F. -17 | 4.9 |



## Leanaí a Rugadh in 2013

| Breith | ECCE 2015 | ECCE 2016 | Pointe Iontrála | Líon na Seachtainí don bhliain réamhscoile 2016-2017** | ECCE 2017 | Pointe Iontrála | Líon na Seachtainí don bhliain réamhscoile 2017-2018** | Líon iomlán na seachtainí cáilitheachta | Bliain Tosaigh don Scoil | Aois Tosaigh don Scoil |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ean-13 | Níl | Tá | M.F. -16 | 38 | Tá | M.F. -17 | 38 | 76 | M.F. -18 | 5.8 |
| Feabh-13 | Níl | Tá | M.F. -16 | 38 | Tá | M.F. -17 | 38 | 76 | M.F. -18 | 5.7 |
| Már-13 | Níl | Tá | M.F. -16 | 38 | Tá | M.F. -17 | 38 | 76 | M.F. -18 | 5.6 |
| Aib-13 | Níl | Tá | M.F. -16 | 38 | Tá | M.F. -17 | 38 | 76 | M.F. -18 | 5.5 |
| Beal-13 | Níl | Tá | M.F. -16 | 38 | Tá | M.F. -17 | 38 | 76 | M.F. -18 | 5.4 |
| Meith-13 | Níl | Tá | M.F. -16 | 38 | Tá | M.F. -17 | 38 | 76 | M.F. -18 | 5.3 |
| Iúil-13 | Níl | Tá | M.F. -16 | 38 | Tá | M.F. -17 | 38 | 76 | M.F. -18 | 5.2 |
| Lún-13 | Níl | Tá | M.F. -16 | 38 | Tá | M.F. -17 | 38 | 76 | M.F. -18 | 5.1 |
| M.F. -13 | Níl | Tá | Ean-17 | 23 | Tá | M.F. -17 | 38 | 61 | M.F. -18 | 5 |
| D.F. -13 | Níl | Tá | Ean-17 | 23 | Tá | M.F. -17 | 38 | 61 | M.F. -18 | 4.11 |
| Samh-13 | Níl | Tá | Ean-17 | 23 | Tá | M.F. -17 | 38 | 61 | M.F. -18 | 4.10 |
| Noll-13 | Níl | Tá | Ean-17 | 23 | Tá | M.F. -17 | 38 | 61 | M.F. -18 | 4.9 |


## Leanaí a Rugadh in 2014

| Breith | ECCE 2016 | Pointe Iontrála | Líon na Seachtainí don bhliain réamhscoile 2016-2017** | ECCE 2017 | Pointe Iontrála | Líon na Seachtainí don bhliain réamhscoile 2017-2018** | ECCE 2018 | Pointe Iontrála | Líon na Seachtainí don bhliain réamhscoile 2018-2019** | Líon iomlán na seachtainí cáilitheachta | Bliain Tosaigh don Scoil | Aois Tosaigh don Scoil |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ean-14 | Tá | Aib-17 | 12 | Tá | M.F. -17 | 38 | Tá | M.F. -18 | 38 | 88 | M.F. -19 | 5.8 |
| Feabh-14 | Tá | Aib-17 | 12 | Tá | M.F. -17 | 38 | Tá | M.F. -18 | 38 | 88 | M.F. -19 | 5.7 |
| Már-14 | Tá | Aib-17 | 12 | Tá | M.F. -17 | 38 | Tá | M.F. -18 | 38 | 88 | M.F. -19 | 5.6 |
| Aib-14 | Níl | - | 0 | Tá | M.F. -17 | 38 | Tá | M.F. -18 | 38 | 76 | M.F. -19 | 5.5 |
| Beal-14 | Níl | - | 0 | Tá | M.F. -17 | 38 | Tá | M.F. -18 | 38 | 76 | M.F. -19 | 5.4 |
| Meith-14 | Níl | - | 0 | Tá | M.F. -17 | 38 | Tá | M.F. -18 | 38 | 76 | M.F. -19 | 5.3 |
| Iúil-14 | Níl | - | 0 | Tá | M.F. -17 | 38 | Tá | M.F. -18 | 38 | 76 | M.F. -19 | 5.2 |
| Lún-14 | Níl | - | 0 | Tá | M.F. -17 | 38 | Tá | M.F. -18 | 38 | 76 | M.F. -19 | 5.1 |
| M.F. -14 | Níl | - | 0 | Tá | Ean-18 | 23 | Tá | M.F. -18 | 38 | 61 | M.F. -19 | 5 |
| D.F. -14 | Níl | - | 0 | Tá | Ean-18 | 23 | Tá | M.F. -18 | 38 | 61 | M.F. -19 | 4.11 |
| Samh-14 | Níl | - | 0 | Tá | Ean-18 | 23 | Tá | M.F. -18 | 38 | 61 | M.F. -19 | 4.10 |
| Noll-14 | Níl | - | 0 | Tá | Ean-18 | 23 | Tá | M.F. -18 | 38 | 61 | M.F. -19 | 4.9 |

## Leanaí a Rugadh in 2015

| Breith | ECCE 2017 | Pointe Iontrála | Líon na Seachtainí don bhliain réamhscoile 2016-2017** | ECCE 2018 | Pointe Iontrála | Líon na Seachtainí don bhliain réamhscoile 2018-2019** | ECCE 2019 | Pointe Iontrála | Líon na Seachtainí don bhliain réamhscoile 2019-2020** | Líon iomlán na seachtainí cáilitheachta | Bliain Tosaigh don Scoil | Aois Tosaigh don Scoil |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ean-15 | Tá | Aib-18 | 12 | Tá | M.F. -18 | 38 | Tá | M.F. -19 | 38 | 88 | M.F. -20 | 5.8 |
| Feabh-15 | Tá | Aib-18 | 12 | Tá | M.F. -18 | 38 | Tá | M.F. -19 | 38 | 88 | M.F. -20 | 5.7 |
| Már-15 | Tá | Aib-18 | 12 | Tá | M.F. -18 | 38 | Tá | M.F. -19 | 38 | 88 | M.F. -20 | 5.6 |
| Aib-15 | Níl | - | 0 | Tá | M.F. -18 | 38 | Tá | M.F. -19 | 38 | 76 | M.F. -20 | 5.5 |
| Beal-15 | Níl | - | 0 | Tá | M.F. -18 | 38 | Tá | M.F. -19 | 38 | 76 | M.F. -20 | 5.4 |
| Meith-15 | Níl | - | 0 | Tá | M.F. -18 | 38 | Tá | M.F. -19 | 38 | 76 | M.F. -20 | 5.3 |
| Iúil-15 | Níl | - | 0 | Tá | M.F. -18 | 38 | Tá | M.F. -19 | 38 | 76 | M.F. -20 | 5.2 |
| Lún-15 | Níl | - | 0 | Tá | M.F. -18 | 38 | Tá | M.F. -19 | 38 | 76 | M.F. -20 | 5.1 |
| M.F. -15 | Níl | - | 0 | Tá | Ean-19 | 23 | Tá | M.F. -19 | 38 | 61 | M.F. -20 | 5 |
| D.F. -15 | Níl | - | 0 | Tá | Ean-19 | 23 | Tá | M.F. -19 | 38 | 61 | M.F. -20 | 4.11 |
| Samh-15 | Níl | - | 0 | Tá | Ean-19 | 23 | Tá | M.F. -19 | 38 | 61 | M.F. -20 | 4.10 |
| Noll-15 | Níl | - | 0 | Tá | Ean-19 | 23 | Tá | M.F. -19 | 38 | 61 | M.F. -20 | 4.9 |

*Réamhscoil saor in aisce ó 3 bliana d'aois i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2016.
**Déantar seachtainí cáilitheachta do gach pointe iontrála ECCE a mheas. Féach ar fhéilire ECCE de do sheirbhísí luath-óige do líon cruinn na seachtainí cáilitheachta.



Childcare Committees Ireland

Ba mhaith le Coistí Cúram Leanaí Éireann buíochas a chur in iúl do Chúram Leanaí Contae Dhún na nGall as an acmhainn seo a fhorbairt

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

pobal
government supporting communities

**Féach an leathanach forlíontach san áireamh le haghaidh athruithe ECCE 2018**

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

# Tagann an chuid seo a leanas den treoir ón Suíomh Gréasáin um Chúram Leanaí Inacmhainne

# www.affordablechildcare.ie

# agus ón doiciméad de na Rialacha do Chláir Mhaoinithe um Chúram Leanaí an RLGÓ, 24 Iúil 2017

## Tosaíonn sé anois!

**Tá fóirdheontais á gcur ar fáil ionas go mbeidh cúram leanaí ar acmhainn do theaghlaigh**

- Fóirdheontas uilíoch nach ndéantar tástáil acmhainne air suas go dtí €1,040 in aghaidh na bliana do leanaí suas go dtí tús an chláir ECCE (réamhscoil saor in aisce)
- Tacaíochtaí do theaghlaigh ar ioncaim níos ísle go dtí suas le €7,500 in aghaidh na bliana do leanaí suas go dtí 15 bliana d'aois

*Cliceáil thíos chun a fháil amach cad iad na tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ar fáil duit.*



**Tá leanbh agam faoi 3 bliana d'aois**



**Tá Tacaíochtaí Cúram Leanaí de chuid an RLGÓ á bhfáil agam faoi láthair**



**An féidir liom cuidiú a fháil le mo chostais cúram leanaí?**



**Ceisteanna coitianta do thuismitheoirí**

**Le Buíochas ar Leith don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) as an eolas seo a chur ar fáil agus a roinnt.**

# An Fóirdheontas Uilíoch Cúraim Leanaí sa Phobal (CCSU)



Má tá do leanbh idir 6 mhí agus 36 mí* agus má tá sé/sí cláraithe le cúram leanaí atá cláraithe le Tusla, tá tú incháilithe d'fhóirdheontas uilíoch cúram leanaí nach ndéantar tástáil air go dtí suas le €20 in aghaidh na seachtaine. Is é suas go dtí €1,040 in aghaidh na bliana atá i gceist leis sin.

**Is féidir le do leanbh leanúint ar aghaidh agus an fóirdheontas uilíoch a fháil go dtí go dtosaíonn sé/ sí an ECCE (bliain réamhscoile saor in aisce). I gcásanna áirithe beidh sé/ sí beagán níos sine ná 36 mí.*

| Cineál Seisiúin CCS | Banda Uilíoch (Banda U de CCS) (Fóirdheontas Seachtainiúil) |
|---|---|
| Lánaimseartha (i.e. 5.01 uair an chloig nó níos mó) | €20 |
| Páirtaimseartha (i.e. 3.31 go dtí 5 uair an chloig) | €10 |
| Seisiúnach (i.e. 2.16 go dtí 3.30 uair an chloig) | €7 |
| Leath-sheisiúnach (i.e. 1 go dtí 2.15 uair an chloig) | €3.50 |

Má tá do leanbh faoi 6 mhí d'aois, d'fhéadfá a bheith incháilithe d'fhóirdheontas cúram leanaí a ndéantar tástáil air go dtí suas le €145 in aghaidh na seachtaine. Más mian leat a fháil amach an bhfuil tú i dteideal an tacaíocht seo um chúram leanaí a fháil féach Tábla 1 ar leathanach 15.

**Ní mór do leanaí a bheith cláraithe le seirbhísí cúram leanaí atá cláraithe le TUSLA chun an fóirdheontas uilíoch seo a fháil. Le liosta soláthraithe cúram leanaí atá cláraithe le TUSLA a fheiceáil féach ar an suíomh gréasáin um Chúram Leanaí Inacmhainne**
**www.affordablechildcare.ie**

## Conas a dhéanaim iarratas ar an bhfóirdheontas Uilíoch

- Labhair le do sholáthraí cúram leanaí lena fháil amach an bhfuil an fóirdheontas á chur ar fáil acu
- Don íocaíocht uilíoch suas go dtí €20 in aghaidh na seachtaine cuir UPSP agus dáta breithe an linbh agus UPSP an tuismitheora/ na dtuismitheoirí ar fáil do do sholáthraí cúram leanaí chun clárú a dhéanamh.
- Íocfar an fóirdheontas díreach le do sholáthraí cúram leanaí agus bainfear é ó chostas do chúram leanaí.

**Má bhíonn aon cheisteanna agat faoin scéim seo, téigh i dteagmháil le do Choiste Cúram Leanaí Cathrach Contae (CCC) áitiúil.**



# An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal CCS/CCSP



## An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal CCS

### Léargas Ginearálta ar an CCS

Is clár cúram leanaí é an Clár Fóirdheontais Cúram Leanaí sa Phobal (CCS) a dhíríonn ar thacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí atá ar ioncam íseal le costais laghdaithe cúram leanaí a fháil i seirbhísí cúram leanaí pobail atá rannpháirteach ann. Íocann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige as sciar de na costais cúram leanaí do leanaí atá incháilithe, agus íocann an tuismitheoir an fuílleach.

Níl an CCS ar fáil ach amháin trí sheirbhísí cúram leanaí pobail neamhbhrabúis atá rannpháirteach ann; tá liosta de na seirbhísí seo ar fáil trí do CCC áitiúil. Cuireann an soláthraí seirbhíse iarratas ar CCS isteach thar ceann an tuismitheora. Tá fóirdheontas CCS ar fáil ar feadh 52 seachtaine in aghaidh na bliana.

Is féidir le seirbhísí CCS áiteanna naíonáin, réamhscoile agus tar éis scoile a chur ar fáil. Is féidir leo club bricfeasta a chur san áireamh freisin. D'fhéadfadh roinnt seirbhísí CCS a bheith ina seirbhísí aonair nach gcuireann ach cineál amháin seirbhíse ar fáil e.g. tar éis scoile.

### An bhfuilim incháilithe don Chlár CCS?

Ní mór do leanbh a bheith faoi bhun 15 bliana d'aois le bheith incháilithe don chlár CCS 2017/18. Ní bheidh leanbh incháilithe má tá sé/ sí cláraithe le clár cúram leanaí eile de chuid an RLGÓ.

### Más tuismitheoir/caomhnóir tú:

- a bhfuil cárta leighis nó cárta cuairte dochtúra agat;
- atá ar ioncam íseal;
- atá ar scoil;
- atá i mbreisoideachas;
- atá faoi oiliúint phoist;
- nó a bhfuil íocaíocht leasa shóisialta á fáil agat,

Chun féachaint ar na critéir cháilitheachta féach Tábla 1 ar leathanach 15 den treoir seo.

## An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal Plus (CCSP)

### Léargas Ginearálta ar an CCSP

Cuireann an Clár um an Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal Plus (CCSP) tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí atá ar ioncam íseal chun costais laghdaithe cúram leanaí a fháil i seirbhísí rannpháirteacha atá faoi úinéireacht phríobháideach agus i seirbhísí rannpháirteacha cúram leanaí pobail neamhbhrabúis; tá liosta de na seirbhísí seo ar fáil tríd an CCC áitiúil. Íocann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige sciar de na costais cúram leanaí do leanaí incháilithe, agus íocann an tuismitheoir an fuílleach. Socraítear cáilitheacht an tuismitheora de réir a stádais leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus tá sé sin leagtha amach i dTábla 1 ar leathanach 15 den treoir seo. Ba chóir do thuismitheoirí a bhfuil spéis acu ann dul i dteagmháil lena seirbhís cúram leanaí áitiúil atá rannpháirteach ann ar dtús.

### An bhfuilim incháilithe don Chlár CCSP?

Ní mór do leanbh a bheith faoi bhun 15 bliana d'aois le bheith incháilithe don CCSP, is é sin, ní mór gur saolaíodh an leanbh ar an nó i ndiaidh an 1 Meán Fómhair 2002 le bheith incháilithe. Tá fóirdheontas CCSP ar fáil ar feadh 52 seachtaine de bhliain an chláir.

Más tuismitheoir/caomhnóir tú:

- a bhfuil cárta leighis nó cárta cuairte dochtúra agat;
- atá ar ioncam íseal;
- atá ar scoil;
- atá i mbreisoideachas;
- atá faoi oiliúint phoist;
- nó a bhfuil íocaíocht leasa shóisialta á fáil agat,

ansin b'fhéidir go mbeidh tú incháilithe le cúnamh a fháil le do chostais cúram leanaí.

**Chun féachaint ar Cháilitheacht CCS/CCSP agus ar na rátaí féach Tábla 1 ar an gcéad leathanach eile.**

# Tábla 1 Cáilitheacht CCS / CCSP

Socraítear do cháilitheacht de réir do stádais leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS). Socraítear leibhéal an fhóirdheontais de réir do stádais RCS agus de réir an leibhéil cúram leanaí atá ag teastáil uait. I **dTábla 1** thíos leagtar amach na critéir cháilitheachta agus an cúram leanaí dá réir agus na roghanna fóirdheontais

| | **Banda A (le cárta leighis ach amháin má shonraítear a mhalairt)** | **Banda AJ (le cárta leighis)** | **Banda B** | **Banda D** |
|---|---|---|---|---|
| Critéir cháilitheachta | • Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora<br>• Pinsean Baintrí/ Baintrí Fir<br>• Cúnamh Feirme<br>• Pinsean Stáit<br>• Pinsean na nDall<br>• Íocaíocht Caomhnóra<br>• Sochar Tinnis/Díobhála<br>• Liúntas Míchumais<br>• Sochar/Liúntas Cúramóra<br>• Liúntas um Fhilleadh ar an bhFiontar Oibre/ ar an Oideachas<br>• Scéim um Fhostaíocht Pobail/ Scéim Shóisialta Tuaithe<br>• Liúntas Cúram Baile/ Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh<br>• Scoláirí Meánscoile<br>• Pinsean Easláine<br>• Pinsean Míchumais<br>• Atreoruithe Oifigiúla Ó TUSLA (níl cárta leighis ag teastáil)<br>• Atreoruithe ó Altraí Sláinte Poiblí de chuid an FSS (níl cárta leighis ag teastáil)<br>• TÚS<br>• Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha<br>• Gateway | •• Sochar/ Liúntas Cuardaitheora Poist*<br>• Liúntas Leasa Forlíontach** | • Cárta Leighis<br>• Tuismitheoirí a fhaigheann íocaíochtaí Leasa Shóisialta atá liostaithe faoi Bhanda A/ AJ ach nach bhfuil cárta leighis acu | • Cárta Cuairte Dochtúra (os cionn 6 bliana + amháin)***<br>• Tuismitheoirí nach bhfuil incháilithe do Bhanda A/ AJ i mbliana ach a deimhníodh go raibh siad ar Bhanda A/ AJ ag deireadh na scoilbhliana roimhe sin |

*Faigheann tuismitheoirí atá incháilithe do Bhanda AJ faoin liúntas/sochar cuardaitheora poist fóirdheontas cúram leanaí de €80 ar a mhéad do chúram lae iomláin in aghaidh na seachtaine.
**Faigheann tuismitheoirí atá incháilithe do Bhanda AJ faoi na híocaíochtaí um Liúntas Leasa Forlíontach fóirdheontas cúram leanaí de €80 ar a mhéad do chúram lae iomláin in aghaidh na seachtaine.
*** Tabhair faoi deara nach bhfuil cárta cuairte dochtúra do leanaí idir 0 agus 6 bliana d'aois incháilithe do mhaoiniú fóirdheontais an CCS/CCSP. Tá cárta cuairte dochtúra de chuid teaghlaigh incháilithe don CCS/ CCPS. Is é an t-uasfhóirdheontas ná €145 in aghaidh na seachtaine; ach beidh an tsuim ag brath ar cé mhéad cúram leanaí a úsáideann tú agus cad é an maoiniú a bhfuil tú incháilithe dó.

| **Ráta Seachtainiúil** | **Banda A (le cárta leighis ach amháin má shonraítear a mhalairt)** | **Banda AJ (le cárta leighis)** | **Banda B** | **Banda D** |
|---|---|---|---|---|
| (Íocaíocht do Lá Iomlán (5.01 uair an chloig +)) | €145 | €80 | €70 | €50 |
| (Íocaíocht pháirtaimseartha (3:31-5:00)) | €80 | €80 | €35 | €25 |
| (Íocaíocht Sheisiúnach (2:16-3:30)) | €45 | €45 | €25 | €17 |
| (Íocaíocht Leath-Sheisiúnach (1:00-2:15)) | €22.50 | €22.50 | €12.50 | €8.50 |

**Le haghaidh eolais ar an CCSR agus CCSR(T) féach leathanach 16 den treoir seo.**

Le bheith incháilithe d'fhóirdheontais bhreisithe spriocdhírithe beidh ort fianaise cáilitheachta a chur ar fáil. Le haghaidh tuilleadh eolais téigh i dteagmháil le do CCC áitiúil.



# An Athshocraíocht Fóirdheontais Chúraim Leanaí sa Phobal (CCSR)

## Léargas Ginearálta ar an CCSR

Tá sé i gceist leis an CCSR tacaíocht a thabhairt don Dídeanaí Cláir (DCanna) agus iad ag athshocrú i sochaí na hÉireann agus ag imeascadh léi. Cuireann sé ar chumas tuismitheoirí freastal ar chúrsa teanga agus ionduchtaithe ina n-ionad fáiltithe ar feadh ocht seachtaine agus ansin ar feadh bliana iomláin nuair a bhogann siad isteach go dtí an pobal

## An bhfuilim incháilithe don CCSR?

### Aois linbh incháilithe

Ní mór do leanaí atá ag dul chuig réamhscoil rannpháirteach a bheith idir 0 agus 5 bliana d'aois ar a ndáta tosaigh.

Is féidir le leanaí atá ar aois scoile (idir 6 bliana agus 12 bhliain d'aois) rochtain a dhéanamh ar chúram leanaí ar feadh na dtréimhsí laethanta saoire bunscoile amháin.

## Conas a dhéanaim iarratas ar CCSR?

Ní mór don tuismitheoir/ do na tuismitheoirí litir cháilitheachta chomhlánaithe a chur ar fáil atá curtha isteach agus sínithe ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Le haghaidh tuilleadh eolais téigh i dteagmháil le do CCC áitiúil.

## Na Cineálacha Áiteanna faoin gClár CCSR

Cuirtear áiteanna páirtaimseartha (idir 3 uair an chloig, 31 nóiméad agus 5 uair an chloig) ar fáil faoin gclár CCSR.

# An Athshocraíocht Fóirdheontais Chúraim Leanaí sa Phobal (Idirthréimhseach) (CCSR(T))

## Léargas ginearálta ar an CCSR(T)

Cuireann an CCSR(T) rochtain ar chúram leanaí saor in aisce ar fáil do leanaí de theaghlaigh atá gan dídean. Leis an soláthar cuirtear fóirdheontas ar fáil do leanaí uile réamhscoile, lena n-áirítear iad siúd atá san aois incháilithe don ECCE, idir 0 agus 5 bliana d'aois, 0 agus 5 bliana d'aois san áireamh. Tá an scéim deartha freisin chun cuidiú leo siúd atá ag aistriú ó bheith gan dídean go dtí cóiríocht bhuan.

Níl an CCSR(T) ar fáil ach amháin trí na seirbhísí luathbhlianta rannpháirteacha; tá liosta de na seirbhísí seo ar fáil tríd an CCC áitiúil.

## Cáilitheacht don CCSR(T)

### Aois linbh incháilithe

Ní mór do leanaí atá ag dul chuig réamhscoil rannpháirteach a bheith idir 0 agus 5 bliana d'aois ar a ndáta tosaigh.

### Conas a dhéanaim iarratas ar CCSR(T)?

i. Tá litir dheimhnithe ó Fhócas Éireann (má tá tú i gceantar Bhaile Átha Cliath) nó ón údarás áitiúil (do gach contae eile lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) ag teastáil.

ii. Le bheith in ann cáilitheacht a dheimhniú, tá Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) an tuismitheora agus an linbh ag teastáil, chomh maith le dáta breithe an linbh.



# Traenáil agus Fostaíocht i gCúram Leanaí (TEC)



**Is é aidhm na gClár TEC tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí ar chúrsaí oiliúna incháilithe agus catagóirí incháilithe tuismitheoirí atá ag filleadh ar an obair, trí áiteanna cúram leanaí fóirdheontais a chur ar fáil. Níl TEC ar fáil ach amháin trí sheirbhísí luathbhlianta rannpháirteacha; tá liosta de na seirbhísí seo ar fáil tríd an CCC áitiúil.**

## Tá 3 shnáithe den chlár TEC ann:

- **An Clár Tacaíochtaí Traenála agus Fostaíochta i gCúram Leanaí (CETS)**
  Cuireann an Clár CETS cúram leanaí ar fáil do rannpháirtithe áirithe cúrsa oiliúna ar chúrsaí a chuireann na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO, FÁS agus an Coiste Gairmoideachais roimhe seo) agus Meánscoileanna ar fáil.
- **An Clár Fostaíochta Pobail i gCúram Leanaí (CEC)**
  Tá an CEC riartha thar ceann na Roinne Coimirce Sóisialaí (RCS) agus cuirtear cúram leanaí ar fáil do leanaí tuismitheoirí atá rannpháirteach i scéimeanna Fostaíochta Pobail.
- **An Clár Cúram Iarscoile Leanaí (ASCC)**
  Tá an ASCC riartha thar ceann na Roinne Coimirce Sóisialaí (RCS) agus cuirtear cúram tar éis scoile ar fáil do leanaí bunscoile le haghaidh catagóirí áirithe de thuismitheoirí atá ag obair agus de thuismitheoirí atá ar chlár fostaíochta de chuid an RCS (níl Fostaíocht Phobail san áireamh).

## An Clár Tacaíochtaí Traenála agus Fostaíochta i gCúram Leanaí (CETS)

Féadfaidh áiteanna cúram leanaí ar an gClár Tacaíochtaí Traenála agus Fostaíochta i gCúram Leanaí a bheith lánaimseartha, páirtaimseartha, tar éis scoile amháin nó tar éis scoile le háiteanna iompair. Bíonn an fhreagracht amháin ar na BOOanna agus Solas le cinneadh a dhéanamh maidir le cé atá i dteideal leas a bhaint as an snáithe seo den Chlár TEC.

### An bhfuilim incháilithe d'áit CETS?

Tá rannpháirtithe ar na Cláir Bhreisoideachais seo a leanas i dteideal iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú CETS:

- Cúrsaí den Bhord Oideachais agus Oiliúna atá faofa ag an CETS
- Scéim Deiseanna Gairmoiliúna (VTOS) atá faofa ag an CETS
- Ógtheagmháil atá faofa ag an CETS
- Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI)
- Scoláirí meánscoile atá ag críochnú na sraithe Sóisearaí nó shraith na Ardteistiméireachta

### Conas a dhéanaim iarratas ar CETS?

Ní mór do thuismitheoirí litir a chur ar fáil óna soláthraí oiliúna agus uaireanta an chúrsa agus na dátaí tosaigh agus críochnaithe san áireamh inti. Nuair atá seirbhís cúram leanaí aimsithe agat, iarrfaidh an tseirbhís ort cóip de do litir cháilitheachta a thabhairt di mar fhianaise go bhfuil tú incháilithe don chlár CETS. Iarrfaidh siad ort Foirm Chlárúcháin Leanaí de chuid an TEC a chomhlánú, ina bhfuil sonraí maidir le d'uimhir PSP agus uimhir PSP do linbh, dátaí breithe, etc., in éineacht leis an eolas maidir leis an gcineál áite cúram leanaí atá ag teastáil. B'fhéidir go lorgóidh siad fianaise uait freisin maidir le d'uimhir PSP agus uimhir PSP do linbh agus maidir leis an dátaí breithe.

### Cé mhéad a chosnóidh áit CETS?

Is é an t-uasmhéid is féidir  a ghearradh ort in aghaidh na seachtaine d'áit CETS ná:

- Áit Cúram Leanaí don Lá Iomlán - €25 in aghaidh na seachtaine
- Áit Cúram Leanaí Pháirtaimseartha - €15 in aghaidh na seachtaine
- Áit Cúram Leanaí tar éis scoile - €5 in aghaidh na seachtaine
- Áit Cúram Leanaí tar éis scoile (le hiompar) - €15 in aghaidh na seachtaine

## An Clár Fostaíochta Pobail i gCúram Leanaí (CEC)

Cuireann an clár CEC cúram páirtaimseartha nó tar éis scoile ar fáil do leanaí suas go dtí 13 bliana d'aois.

### An bhfuilim incháilithe do CEC?

Más tuismitheoir tú atá rannpháirteach sa scéim Fostaíochta Pobail (CE), tá tú i dteideal áit CEC a fháil do do leanbh. Ba chóir go dtabharfadh d'urraí CE litir cháilitheachta duit don CEC.

Sa litir seo ní mór an t-eolas seo a leanas a bheith inti:

- Ainm an Tuismitheora
- Dáta tosaigh na cáilitheachta do thacaíocht cúram leanaí
- Deimhniú go bhfuil an tuismitheoir incháilithe don chlár CEC

### Conas a dhéanaim iarratas ar CEC?

Tá liosta de sheirbhísí CEC ar fáil ó do Choiste Cúram Leanaí Cathrach/Contae áitiúil.

Nuair atá seirbhís cúram leanaí aimsithe agat, iarrfaidh an tseirbhís ort cóip de do litir cháilitheachta a thabhairt di mar fhianaise go bhfuil tú incháilithe don chlár CEC. Iarrfaidh siad ort Foirm Chlárúcháin Leanaí de chuid an TEC a chomhlánú, ina bhfuil sonraí maidir le d'uimhir PSP agus uimhir PSP do linbh, dátaí breithe, etc., in éineacht leis an eolas maidir leis an gcineál áite cúram leanaí atá ag teastáil. B'fhéidir go lorgóidh siad fianaise uait freisin maidir le d'uimhir PSP agus huimhir PSP do linbh agus maidir leis an dátaí breithe.

### Cé mhéad a chosnóidh áit CEC?

Is é an t-uasmhéid is féidir  a ghearradh ort in aghaidh na seachtaine d'áit CEC ná:

- Áit Cúram Leanaí Pháirtaimseartha - €15 in aghaidh na seachtaine
- Áit Cúram Leanaí tar éis scoile - €15 in aghaidh na seachtaine

## An Clár Cúram Iarscoile Leanaí (ASCC)

Cuireann an clár Cúram Iarscoile Leanaí (ASCC) cúram tar éis scoile ar fáil do leanaí bunscoile le haghaidh catagóirí áirithe de thuismitheoirí atá ag obair. Tá sé riartha thar ceann na Roinne Coimirce Sóisialaí (RCS). Tá an fhreagracht amháin ar an RCS cinneadh a dhéanamh maidir le cé atá i dteideal leas a bhaint as an snáithe seo den Chlár TEC.

Is é a bheadh i gceist le háiteanna ná tar éis scoile nó tar éis scoile le háiteanna iompair. Is féidir áiteanna a fhaomhadh freisin le haghaidh cúraim lae iomláin suas go dtí 10 seachtaine ar a mhéad (nuair atá do leanbh ar laethanta saoire scoile agus go mbíonn cúram lae iomláin ag teastáil uait).

- Déantar iarratas ar íocaíochtaí ar bhonn pro rata le haghaidh áiteanna ar feadh 3, 4 nó 5 lá.
- Tá tuismitheoirí i dteideal 52 seachtaine ar mhéad a fháil ar an scéim, is cuma faoi cé mhéad lá in aghaidh na seachtaine a mbainfidh siad leas astu.
- Íocfar seirbhísí don 52 seachtaine ar an iomlán
- Áit a bhfuil cúram leanaí ag teastáil ó thuismitheoirí incháilithe ar feadh na dtréimhsí ar maidin sula dtosaíonn an leanbh ar scoil, seachas uaireanta tar éis scoile, is féidir freastal air seo faoin scéim. Tá na rátaí céanna i gceist.



## An bhfuilim incháilithe don ASCC?

Le bheith incháilithe don ASCC ní mór go mbeadh forlíonadh ioncam teaghlaigh (FIS) á fháil ag cliant agus cur lena (h)uaireanta oibre nó na nithe seo a leanas thíos a chomhlíonadh:

- A bheith ag fáil Sochair Chuardaitheora Phoist (JB) nó Liúntais Chuardaitheora Phoist (JA), íocaíochta Idirthréimhseach Cuardaitheora Poist (JST) nó Íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora (OFP) nó a bheith ar chlár fostaíochta RCS (nó aon cheann den mheascán thuas) ar feadh tréimhse trí mhí ar a laghad (78 lá) AGUS leanbh amháin nó níos mó a bheith aige/ aici atá idir 4 agus 13 bliana déag d'aois atá sa bhunscoil

AGUS

- Tús a chur le haon cheann díobh seo a leanas: fostaíocht (lánaimseartha nó pháirtaimseartha) NÓ a c(h)uid fostaíochta a mhéadú NÓ clár fostaíochta de chuid an RCS mar seo a leanas (ach amháin Fostaíocht Phobail): WPP, BTWEA, TUS, Gateway nó RSS

## Conas a dhéanaim iarratas ar ASCC?

Beidh d'oifig RCS in ann a rá leat má tá tú i dteideal áit ASCC a fháil. Má bhíonn tú i dteideal é seo a fháil, ba chóir do d'oifig RCS litir cháilitheachta a thabhairt duit don ASCC. Sa litir seo ní mór go mbeadh an t-eolas seo a leanas sa litir:

- Ainm an tuismitheora.
- Dáta tosaigh na cáilitheachta do thacaíocht cúram leanaí
- Deimhniú go bhfuil an tuismitheoir incháilithe don chlár ASCC

Nuair atá seirbhís cúram leanaí aimsithe agat, iarrfaidh siad ort cóip de do litir cháilitheachta a thabhairt di mar fhianaise go bhfuil tú incháilithe don chlár ASCC. Iarrfaidh siad ort Foirm Chlárúcháin Leanaí de chuid an TEC a chomhlánú, ina bhfuil sonraí maidir le d'uimhir PSP agus uimhir PSP do linbh, dátaí breithe, etc., in éineacht leis an eolas maidir leis an gcineál áite cúram leanaí atá ag teastáil. B'fhéidir go lorgóidh siad fianaise uait freisin maidir le d'uimhir PSP agus huimhir PSP do linbh agus maidir leis an dátaí breithe.

## Cé mhéad a chosnóidh sé orm d'áit ASCC?

Is é an t-uasmhéid is féidir a ghearradh ort in aghaidh na seachtaine d'áit ASCC ná:

- Áit Cúram Leanaí tar éis scoile - €15 in aghaidh na seachtaine
- Áit Cúram Leanaí tar éis scoile (le hiompar) - €15 in aghaidh na seachtaine



# Ceisteanna Coitianta do Thuismitheoirí



### Cathain a thosaíonn na fóirdheontais nua?

Tosaíonn clárúcháin do na fóirdheontais cúram leanaí nua ón 21 Lúnasa.

### Cá háit a ndéanaim iarratas? An bhfuil foirm iarratais ann?

Níl aon fhoirm iarratais don scéim nua. Bíonn a bhfoirm iarratais féin ag roinnt soláthraithe agus is foirm é seo ar féidir leo féin a úsáid amháin.

### An gá do thuismitheoirí doiciméid cháilitheachta a chur ar fáil don fhóirdheontas uilíoch?

Ní gá. Is fóirdheontas nach ndéantar tástáil air an fóirdheontas uilíoch agus dá bhrí sin tá sé ar fáil do gach leanbh atá ar an aois chuí (i.e. idir sé mhí d'aois agus an t-am sin nuair a bhíonn an leanbh incháilithe le dul isteach sa Chlár ECCE) i gcúram leanaí cláraithe. Ní mór do thuismitheoirí an t-ainm, Uimhreacha PSP an tuismitheora agus an linbh amháin a chur ar fáil.

### An íoctar an fóirdheontas uilíoch leis an tuismitheoir nó leis an soláthraí cúram leanaí?

Íoctar an fóirdheontas uilíoch leis an soláthraí cúram leanaí. Ba chóir go ndéanfaí cúiteamh air i gcoinne an chostais cúram leanaí don soláthraí sin. Mar shampla, má ghearrann soláthraí cúram leanaí €170 in aghaidh na seachtaine d'áit cúraim lae iomláin, ba chóir go mbeadh an méid a ghearrtar ar na tuismitheoirí nuair a chuirtear an fóirdheontas uilíoch i bhfeidhm €150 in aghaidh na seachtaine.

### Cé atá i dteideal an Fóirdheontas Uilíoch a fháil?

Tá gach leanbh atá cláraithe i gcúram leanaí ó 6 mhí d'aois go dtí go bhfuil siad i dteideal an clár réamhscoile saor in aisce (ECCE) a fháil, i dteideal an fóirdheontas uilíoch a fháil. Dá bhrí sin, b'fhéidir go mbeidh roinnt leanaí beagán os cionn trí bliana d'aois.

### Cad is brí le cúram leanaí 'cláraithe'?

Tá iallach ar na seirbhísí cúram leanaí uile i bPoblacht na hÉireann clárú le TUSLA; tá an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach faoi réir rialála agus cigireachta. Tá roinnt feighlithe leanaí cláraithe le TUSLA agus dá bhrí sin b'fhéidir go mbeidh siad rannpháirteach sa scéim freisin. Cliceáil anseo lena fháil amach cad iad na seirbhísí TUSLA atá cláraithe i do chontae

### An bhfuil an fóirdheontas uilíoch ar fáil ar feadh na bliana?

Tá an fóirdheontas uilíoch ar fáil do na Cláir iomlána CCS agus CCSP 2017/2018 ag tosú ón 21 Lúnasa 2017 (suas go dtí 52 seachtaine in aghaidh na bliana). Tá féiliri soláthraithe cúram leanaí i bhfeidhm (seachtainí atá siad oscailte).

### An bhfuil na fóirdheontais ar fáil do gach leanbh nó do gach teaghlach?

Ta na fóirdheontais ar fáil do gach leanbh incháilithe i do theaghlach. Mar shampla, má bhíonn beirt pháistí agat nach bhfuil sean go leor le leas a bhaint as ECCE (clár réamhscoile saor in aisce) ansin beidh an bheirt incháilithe leis an bhfóirdheontas uilíoch a fháil suas go dtí €20 in aghaidh na seachtaine. Is é €1,040 atá i gceist leis seo do gach leanbh atá i gcúram leanaí don lá iomlán.

### Cad iad na Rátaí Fóirdheontais Uilíoch?

| Cineál Seisiúin CCS | Band Uilíoch (Banda U CCS) (Fóirdheontas Seachtainiúil) |
|---|---|
| Lánaimseartha (i.e. 5.01 an chloig nó níos mó) | €20 |
| Páirtaimseartha (i.e. 3.31 go dtí 5 uair an chloig) | €10 |
| Seisiúnach (i.e. 2.16 go dtí 3.30 uair an chloig) | €7 |
| Leath-sheisiúnach (i.e. 1 go dtí 2.15 uair an chloig) | €3.50 |

### Cad é mura mbíonn mo leanbh ach ag baint leasa as cúram leanaí ar feadh cúpla lá in aghaidh na seachtaine?

Tá an fóirdheontas uilíoch ar fáil ar bhonn pro-rata. Mar shampla, má bhíonn leanbh ag baint leasa as cúram leanaí ar feadh dhá lá in aghaidh na seachtaine, an fóirdheontas a bheadh ar fáil ná €8 in aghaidh na seachtaine (€20/5 = €4 x 2 lá = €8). Tugann an tábla thíos briseadh síos de na rátaí fóirdheontais laethúla agus seachtainiúla:

| Cineál Seisiúin CCS (Uilíoch) | Fóirdheontas Seachtainiúil | Fóirdheontas Laethúil |
|---|---|---|
| Lánaimseartha (i.e. 5.01 uair an chloig nó níos mó) | €20 | €4 |
| Páirtaimseartha (i.e. 3.31 go dtí 5 uair an chloig) | €10 | €2 |
| Seisiúnach (i.e. 2.16 go dtí 3.30 uair an chloig) | €7 | €1.40 |
| Leath-sheisiúnach (i.e. 1 go dtí 2.15 uair an chloig) | €3.50 | €0.70 |

### Má bhíonn mo leanbh incháilithe don Chlár ECCE, ach mura féidir linn áit a fháil dó/ di sa tseirbhís, an mbeidh mo leanbh i dteideal fóirdheontas uilíoch a fháil go dtí go mbíonn áit ECCE ar fáil?

Ní bheidh. Níl an fóirdheontas uilíoch ar fáil ach amháin nuair a bhíonn an leanbh incháilithe don Chlár ECCE. Ach, b'fhéidir go mbeadh leanaí incháilithe don Chlár ECCE i dteideal fóirdheontais spriocdhírithe atá curtha ar fáil faoi na cláir CCS agus TEC a fháil.

### Cé atá incháilithe d'fhóirdheontais tacaíochta phearsantaithe CCS/CCSP a fháil?

Féach ar thábla 15 den treoir seo. Má bhíonn tacaíochtaí atá liostaithe á bhfáil agat b'fhéidir go mbeifeá incháilithe d'fhóirdheontais cúram leanaí a fháil go dtí suas le €145 in aghaidh na seachtaine do gach leanbh.

### Cad a tharlaíonn má chuireann mo sholáthraí cúram leanaí a tháillí in airde

Socraíonn na soláthraithe cúram leanaí táillí cúram leanaí agus d'fhéadfaidís a bheith rialaithe ag gnéithe éagsúla, ar nós cíos, leictreachas, árachas, etc. Cuireadh €3.5m breise de 'íocaíocht gan teagmháil' ar fáil do sholáthraithe cúram leanaí chun na tacaíochtaí seo a riar do theaghlaigh agus mar sin níor chóir go mbainfeadh aon ardú i dtáillí cúram leanaí leis na tacaíochtaí seo a bheith ar fáil do do theaghlach.



**Má bhíonn aon cheisteanna breise agat a bhaineann leis na scéimeanna maoinithe éagsúla, téigh i dteagmháil le do Choiste Cúram Leanaí áitiúil le haghaidh comhairle agus eolais. Tá sonraí teagmhála do gach Coiste Cúram Leanaí ar fáil ar chúl na treorach seo.**

# Sonraí Teagmhála Úsáideacha

## An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA)

Bunaíodh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) ar an 2 Meitheamh 2011. Díríonn an DCYA ar réiteach a fháil ar shaincheisteanna polasaí a chuireann isteach ar leanaí i réimsí ar nós cúram luath-óige agus oideachas, ceartas i leith an aosa óig, leas agus cosaint leanaí, rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga, taighde ar leanaí agus ar dhaoine óga, obair óige agus tionscnaimh de réimsí éagsúla do leanaí.

**Sonraí Teagmhála:**
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
43-49 Bóthar Mespil
SAORPHOST F5055
Baile Átha Cliath 4
D04 YP52

Teil: +353 1 6473000
Facs: +353 1 6473101
R-phost: contact@dcya.gov.ie
Suíomh gréasáin: **www.dcya.gov.ie**

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

## Pobal

Is comhlacht neamhbhrabúis é Pobal a dhéanann cláir a bhainistiú thar ceann Rialtas na hÉireann agus an AE. Cuireann Pobal raon seirbhísí ar fáil don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ar a son sa réimse oideachais luath-óige agus cúram leanaí.

**Sonraí Teagmhála**
Pobal
Teach Holbrook
Sráid Holles
Baile Átha Cliath 2
D02 EY84

pobal
government supporting communities

Teil: 01 511 7000
Facs: 01 511 7981
R-phost: enquiries@pobal.ie
Suíomh gréasáin: **www.pobal.ie**

## Eagraíochtaí Náisiúnta Cúram Leanaí

Faigheann seacht n-eagraíocht náisiúnta cúram leanaí maoiniú faoi láthair faoin gClár Comhdheiseanna Cúram Leanaí leis an gcaighdeán a chur chun cinn. Is iad seo a leanas na heagraíochtaí:

- Barnardos
- Childminding Ireland
- Early Childhood Ireland
- Forbairt Naíonraí Teo
- Irish Steiner Kindergarten Association
- St. Nicholas Montessori Society of Ireland



# Sonraí Teagmhála na gCoistí Cúram Leanaí Cathrach/Contae

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 059 9140244 | Luimneach | 061 600918 |
| An Cabhán | 049 4365856 | An Longfort | 043 3342505 |
| An Clár | 065 6864862 | Lú | 042 9336364 |
| Cathair Chorcaí | 021 4310500 | Maigh Eo | 094 9047010 |
| Contae Chorcaí | 022 23880 | An Mhí | 046 9073010 |
| Dún na nGall | 074 9123442 | Muineachán | 047 72896 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 01 8733696 | Uíbh Fhailí | 057 9135878 |
| Dún Laoghaire - Ráth an Dúin | 01 2896600 | Ros Comáin | 094 9622540 |
| Fine Gall | 01 4851727 | Sligeach | 071 9148860 |
| Gaillimh | 091 752039 | Baile Átha Cliath Theas | 01 4570122 |
| Ciarraí | 066 7181582 | Tiobraid Árann | 062 64200 |
| Cill Dara | 045 861307 | Port Láirge | 051 295045 |
| Cill Chainnigh | 056 7752865 | An Iarmhí | 044 9335454 |
| Laois | 057 8661029 | Loch Garman | 053 9237156 |
| Liatroim | 071 9640870 | Cill Mhantáin | 0404 64455 |

Rinne Coiste Cúram Leanaí Cathrach Bhaile Átha Cliath athbhreithniú ar an doiciméad seo i 2017



An Roinn Leanaí
agus Gnóthaí Óige
Department of
Children and Youth Affairs

pobal
government supporting communities

Levins Print Ltd. 01 8902055